



**Chuíg: Údaráis Bhainistíochta Bunscoileanna Aitheanta, Meánscoileanna,
Pobalscoileanna agus Scoileanna Cuimsitheacha**

An tSeirbhís Cúnaimh d'Fhostaithe (SCF) a leathnú

1. Réamhrá

- 1.1 Is gné bhunúsach de phlean foriomlán na Roinne folláine ár bpobal scoile a chur chun cinn chun filleadh rathúil ar scoil a chinntiú agus muid ag leanacht ar aghaidh ag bainistiú tionchar na paindéime COVID-19.

2. SCF a leathnú

- 2.1 Mar chuid de raon beart chun tacú le scoileanna athoscailt iomlán a dhéanamh ag tús na scoilbhliana 2020/21, leathnaítear SCF chuig gach ball foirne scoile le héifeacht ó dháta an Nóta Faisnéise seo.

3. SCF

- 3.1 Tá SCF i bhfeidhm mar acmhainn tacaíochta d'fhostaithe. Is seirbhís féin-atreoraithe í ina bhfuil rochtain acu ar líne chabhrach tiomnaithe rúnda saorfhóin 1800 411 057, a bhíonn ar fáil 24 huair sa lá, 365 lá sa bhliain. Is é Spectrum.Life an soláthraí SCF reatha.
- 3.2 Soláthraíonn SCF comhairle d'fhostaithe ar raon saincheistanna lena n-áirítear folláine, dlí, cúrsaí airgeadais, méala, coinbheacht, idirghabháil agus soláthraíonn sé tacaíocht agus comhairle do bhainisteoirí freisin.
- 3.3 Nuair is iomchuí, tá comhairleoireacht ghearrthéarmach ar fáil d'fhostaithe agus dá mbaill teaghlaigh.
- 3.4 Soláthraíonn SCF seirbhís shaincheaptha chun freastal ar riachtanais shonracha folláine an fhostaí. Tá tairseach agus aip folláine saincheaptha ar fáil a thairgeann a lán seirbhísí ar líne le rochtain ar chomhráite beo, físeáin, podchraoltaí agus blaganna ar ábhair a bhaineann le sláinte mheabhrach, saol an teaghlaigh, aclaíocht agus cothú. Ina theannta sin, soláthraítear teiripe iompraíochta cognaíocha ar líne d'fhostaithe.
- 3.5 Is féidir le fhostaithe rochtain a fháil ar thairseach folláine Spectrum.Life trí chlárú ag an nasc: <https://wellbeingtogether.spectrum.life/login?org=yVIIU17>
- 3.6 Tá tuilleadh faisnéise faoi SCF ar fáil ar shuíomh Gréasáin na Roinne. [Suíomh Gréasáin na Roinne](#).

4. Nóta Faisnéise a Scaipeadh

- 4.1 Déan cinnte de go gcuirtear cóipeanna den Nóta faisnéise seo ar fáil do gach ball den Bhord Bainistíochta/agus go gcuirtear an t-ábhar ann in iúl don fhoireann i d'fhostaíocht lena n-áirítear iad siúd atá ar chead neamhláithreachta.
- 4.2 Is féidir teacht ar an Nóta Faisnéise seo ar shuíomh gréasáin na Roinne ag www.education.ie

